

# Crann *Frankenstein*

le

**Katherine Duffy**

Ar leathanach tosaigh an nuachtáin a chonaic mé scéala Éamainn den chéad uair. Bhí mé ag fálróid thart ar cheann de na siopaí baile saoire sin a mbíonn gach rud faoin spéir ar díol iontu – snorcail, T-léinte, cadhnraí, vasaí ceirmeacha. Dath na farraige agus dearadh éisc nó blaoisce ar an gcuid is mó acu. Bhí foireann deas táiplise adhmaid i mo lámh agam, agus mé ag fiafraí díom féin an oirfeadh sí mar bhronntanas d'Oisín, an ndéarfadh sé go raibh sí *cool*, nuair a thit mo shúil ar an seastán nuachtán.

Ní príomhscéala a bhí ann, ach ceann de na hachóimrí sin ar dheis uaidh, ag iarraidh an léitheoir a mhealladh chun an páipéar a cheannach. Rud a rinne mé féin go pras.

Bhuail mé isteach chun an chafé beag béal dorais go bhféadfainn suí síos agus é a léamh i gceart. Scáth mór gréine os mo chionn, agus radharc gleoite ar an chuan bheag os mo chomhair amach. Bhí duais mhór idirnáisiúnta buaite ag Éamann. Gradam agus glóir agus slám mór airgid. Bheadh séala ar a shaothar feasta agus a ainm in airde. Thiocfadh leis gabháil cibé áit ar mhaith leis, agus a rogha rud a dhéanamh.

‘Cá raibh tusa, in ainm Dé,’ a d’fhiafraigh Jo díom, nuair a d’fhill mé ar an árasán. ‘Bhí eagla orm gur leag carr thú! An bhfuair tú an t-arán?’

‘Brón orm, a stór,’ a dúirt mé. Bhí dearmad glan déanta agam go raibh mé ceaptha ábhar bricfeasta a cheannach. ‘Ag breathnú thart sna siopaí a bhí me, ag smaoineamh ar bhronntanas a cheannach d’Oisín...’

Ba é seo an chéad saoire againn le fada an lá gan Oisín a bheith inár dteannta. Ní shásódh rud ar bith é i mbliana ach freastal ar champa cispheile damanta daor i mBaile Mhic Gormáin. Ba leas linn géilleadh dó, ach chráigh sé an oiread sin muid gur ghéill.

Níl a fhios agam ’tuige nár luaigh mé an scéal sin faoi Éamann le Jo ag an phointe sin. Cionn is gur labhair sí beagáinín giorraisc liom, b’fhéidir. Ach ní mhíníonn sé sin féin ’tuige gur fhág mé an nuachtán i mo dhiaidh sa chafé .

\* \* \*

Tá slí gheal phinc leagtha amach thar an uisce dom ag grian na tráthnóna. Bunaím rithim anála bhreá shocair agus cuirim mo chroí i ngach buille. Gach uair a ardaím mo chloigeann, leagam mo shúil ar an oileáinín, ar eagla, cheapfá, go n-éalódh sé uaim. Cé chomh fada amach atá sé? Leathmhíle? Ciliméadar? Píosa maith, ar aon nós.

Níl ann ach carraig mhór, dáiríre. Níl a fhios agam céard a thug orm tabhairt faoina bhaint amach. Bhínn ag amharc air ón trá, cinnte, minic go leor an chéad seachtain a chaith muid anseo. Rith sé liom gur mhaith liom snámh amach chuige agus, cé go ndúirt mé liom féin nach raibh ann ach amaidí mhór, ní fhéadfainn an smaoineamh a dhíbirt.

Tá an buille crágshnáma treisithe go mór agam ó tháinig muid, agus feabhas curtha agam ar chúrsaí anála. Diúltaím trealamh ná taca a úsáid, ná lapaí ná culaith fhliuch ná a dhath ar bith eile mar sin. Is leor mo ghéaga is mo chroí is mo scamhóga féin chun mé a thiomáint tríd an uisce.

É sin ráite, faoi dheireadh an dara seachtaine, ag druidim le ham baile, thuig mé go mbeadh a thuilleadh ama de dhíth, a thuilleadh cleachtadh le déanamh dá mbeinn chun an t-oileán a bhaint amach slán sábháilte. Bhí mé i ngreim go docht ag an nóisean faoin am sin.

Is dócha go raibh barúil ag Jo go raibh rud éigin aisteach ar siúl agam, ach fós féin bhí ionadh an domhain uirthi nuair a dúirt mé léi go raibh mé chun fanacht anseo tamaillín eile. Seachtain nó coicís b'fhéidir, cibé tréimhse ba ghá. Ní bheadh deacracht ar bith agam an tsaoire bhreise a fháil; bhí rudaí mall go leor ag an obair le tamall anuas. Stad Jo ina staic, ag baint lán na súl asam. Ní go rómhinic a chliseann a teanga ar mo bheansa.

Thuig mé ón chuma a bhí ar a haghaidh anois go raibh sí ag meá an mhéid a bhí ráite agam, ag iarraidh ciall a bhaint as. Cé go dtaitníonn sé liom dul ar saoire, is gnách go mbím ag tnúth le mo bhaile a fheiceáil arís. Agus ar ndóigh tá a fhios sin go maith ag Jo.

Bhí idir imní agus eagla ina súile anois aici, ach ba mhó i bhfad an t-ionadh. Níor luaigh mé an t-oileán ná an tseift snámha léi. Bheadh sé ródheacair é a mhíniú agus, fosta, níor mhaith liom cur leis an imní. Níor dhúirt mé go raibh mé i ndiaidh sult thar an ghnách a bhaint as an tsaoire seo agus gur mhaith liom í a fhadú beagáinín i mbliana, b'shin an méid.

Faoi dheireadh, ghlac sí go ciúin le mo chinneadh. Ghabh mé buíochas léi as sin nuair a d'fhág muid slán ag a chéile ag an aerfort, cúpla lá ó shin. Chaith sí sracfhéachaint aisteach orm ach phóg sí mé go croíúil, mar sin féin, nuair a d'fháisc mé chugam í. Ní dóigh liom go bhfuil dochar ar bith déanta. Is dócha go ndéarfaidh sí le hOisín agus lena cairde gurb é an cineál taoma a bhuaileann na fir mheánaosta atá tagtha orm. Is cuma liom, más ea. Níor mhaith liom í a ghortú. Níl uaim faoi láthair ach an tsaoirse seo, an fharraige, an ghrian ag dul faoi, an t-oileán os mo chomhair amach.

Táim ar mo chompord anseo san uisce, ag treabhadh liom. D'ainneoin mo chuid iarrachtaí, áfach, ní bhraithim go bhfuilim pioc níos gaire don oileán sin. Os mo chionn, tá na faoileáin ag scréachadh mar a bheadh agóid ar siúl acu in aghaidh thitim na hoíche. Is mór an t-uaigneas a gcallán.

Ní cheapfá riamh ón obair a bhíodh ar siúl ag Éamann nuair a bhí sé féin, mise agus Jo ag freastal ar an choláiste ealaíne le chéile na blianta ó shin go mbeadh an stuif a shaothraíonn sé anois le teacht óna lámh riamh. Bhí an-tallann aige i gcónaí, ar ndóigh, bua na líníochta agus na péintéireachta go smior ann. Ach bhíodh sé coimeádach ar chaoi nach mbíonn na healaíontóirí móra, nó b'shin a chreid mé féin an t-am sin. Bhíodh gach duine eile againn ag iarraidh rudaí fiáine, nua-aimseartha a chruthú le miotal agus gloine agus bruscar agus a leithéid. Ach chloígh Éamann lena chuid tírdhreachanna agus portráidí.

Chuidíodh sé lena chairde áfach, cibé tionscadail áiféiseacha a bhíodh ar siúl againn. Is cuimhin liom píosa dealbhóireachta a rinne mé féin, crann mór a chuir mé le chéile as meascán *papier maché* agus adhmaid. D'úsáid mé fíorghéaga a bhí tite ó chrainn sna coillte, adhmaid raice a fuair mé ar an trá agus cláir a thóg mé as scipeanna bruscair ar thaobh na sráide. 'Crann *Frankenstein*' a thug mé air. Chuir mé rudaí ag crochadh ó na géaga – líomóidí, scátháin, rothaí rothair. Bhí mé bródúil as.

Thagadh Éamann amach linn ar na sciuirdeanna a thugadh an triúr againn faoin chathair chun an t-ábhar a bhailiú do thionscadail éagsúla. Is ag Jo a bhíodh na smaointe b'fhairsinge ar fad. Bhíodh sise de shíor ag iarraidh fiseanna móra casta miotail a fhorbairt. Ba mhíorúilt é nár maraíodh duine ar bith againn ag ceann de na píosaí móra iarainn sin a bhíodh á dtarraingt ar fud na háite againn di. Ná bac an oíche a d'áitigh sí orainn briseadh isteach i seanmhonarcha chun leatháin stáin a bhí feicthe aici trí na fuinneoga a ghoid. Ba bheag nár scinn an t-anam asam nuair a scaoil lucht slándála a

gcuid madraí orainn. Tá colm ar cholpa mo chois ó shin ón ghloine bhriste a bhí ar bharr an bhalla sin a dhreap an triúr againn go fuascrach, chun éalú uathu. Ar ndóigh bhí orainn an stáin uilig a fhágáil inár ndiaidh. Ach rinne muid éacht mór as an eachtra agus muid ag ól is ag ragairneacht sa teach tábhairne ina dhiaidh sin.

Tá dromchla na farraige fós ar lasadh ag gathanna deiridh na gréine ach tá ciorcal dorchadais thart orm féin, a ghluaiseann nuair a ghluaisimse, ar nós clóca atá ceangailte thart ar mo mhúineál. Tá iarracht de phian i mo ghualainn chlé – thug mé faoi deara cheana go bhfuil laige beag ansin. Beidh orm moilliú síos. Ar a laghad tá an bealach chuig an diabhal carraige seo á ghiorrú agam faoi dheireadh. I lár bealaigh atáim, déarfainn. Tóg go bog anois é, a mhic. Ar aghaidh linn.

Nach aisteach nach bhfuil ach an t-aon pháosa amháin de shaothar Éamainn sa teach againn, i ndiaidh chomh mór is a bhíodh an triúr againn lena chéile. An páosa sin féin, ní hé gur bhronn sé orainn é i gcuimhne an chairdis, ná a dhath ar bith mar sin. Mise a cheannaigh é ag ceant ealaíne, cúpla bliain ó shin.

Is iomaí ceant den chineál sin a mbím ag freastal air. Sin é an post atá agam anois – saothar ealaíne a cheannach do bhancanna agus do chuideachtaí agus do dhaoine aonair ar mhaith leo infheistíocht a dhéanamh san ealaíon nó díreach saothar álainn a chruinniú dóibh féin. Obair dheas í – is fearr liom i bhfad í ná an obair fógraíochta a rinne mé do chuideachtaí éagsúla ar feadh na mblianta. Ach is post é a bhorr as ré an tíogair cháiliúil sin atá anois ar shlí na fírinne. Tá laghdú mór tagtha ar liosta na gcliant le tamall anuas, agus moilliú ar ghníomhaíocht an dreama atá fágtha. Cá bhfios céard atá i ndán dúinn amach anseo?

Más buan mo chuimhne, thart fán am a cheannaigh mé féin agus Jo an teach agus a shocraigh muid síos le chéile, b'shin an uair a thosaigh Éamann amach ag taisteal. Abhae leis amach faoin domhan mhór. D'fhaigheadh muid cártaí poist – ón Eoraip i dtosach, ansin ó áiteanna náb' fhaide í gcéin – Bali, Fidsí, an India. D'fhág na hiontais a chonaic sé a rian ar a shaothar.

De réir a chéile, tháinig deireadh leis na cártaí poist. Sílim gur léigh mé áit éigin go raibh Éamann ag cur faoi i Nua-Eabhrac. Ach bhí Oisín tagtha ar an láthair faoin am sin agus bhí an oíche ina lá againn leis siúd. Bhí muid tógtha leis an teach is an gháirdín agus le cúrsaí oibre agus airgid. Bhí na blianta ag sciarradh tharainn agus ba bheag am a bhí againn le haird a thabhairt ar sheanchairde i bhfad ó bhaile.

Sa tráthnóna is mó is fearr liom dul ag snámh. Faoin am a thugaimse aghaidh ar an fharraige bíonn an domhan is a bhean ag teacht amach aisti. Iad ag tarraingt ar an talamh, ar an bhaile. Cíocras nó tuirse a bhuaileann iad, b'fhéidir, nó cuireann faobhar aer na tráthnóna as dóibh.

Is breá liom an ciúnas a leathann ina ndiaidh. Is maith liom an sáile a bheith glan ó chiútraimintí amaideacha – snorcail agus liathróidí plaisteacha agus leabaí leisciúla snámha. Gan trácht ar na scairdscíonna, na cláir seoil, na bádaí luais.

Úúú – tháinig pian ghéar i mo chos ansin. Scian do mo shá. Ach ní gá dom imní a bheith orm – sin a deirim liom féin. Tarlaíonn sé seo anois is arís agus tuigim céard a bhíonn le déanamh. Stadaim den diansnámh láithreach, agus tosaím ag lapadáil thart go haerach, ag casadh is ag lúbadh méar na gcos. Ligim do mo mheáchan teacht go barr na farraige, beirim greim ar an chos agus cuimlím í.

Ach nach domhain dorcha an t-uisce seo uilig thíos fúm? Mílte fada idir mé agus an grinneall b'fhéidir. Cá bhfios cé na créatúirí aisteacha atá thíos ansin, ag bogadaíl thart go taibhsiúil? Banda fada fairsing uisce dhúghoirm idir mé agus an trá bhreá bhuí.

Istigh i dtír, tá na chéad soilse á lasadh. Sna hárasáin agus sna hóstáin tá daoine ag ceol amhráin faoin chith, nó ag oscailt dhoras an vardrúis, ag cur ceisteanna ar a chéile, agus orthu féin. Cén gúna? Cén léine? Cé acu bialann anocht? Nó ina luí siar ar an leaba le chéile atá siad, nó ar an urlár nó ar bhord na cistine (ar saoire atá siad, tar éis an tsaoil), ag géilleadh don drúis a chothaigh an lá fada te cois trá iontu.

Beidh Jo ag caitheamh dinnéir le hOisín faoi láthair, is dócha. Bhailigh sí ón gcampa arú inné é. Beidh sí fós ag iarraidh na scéalta a mhealladh uaidh, scéal a bheatha i rith an tseala a chaith sé gan muidinne. Teipfean glan uirthi, ar ndóigh. Bíonn gach cleas aige siúd chun a chuid rún a cheilt. Seanchluiche é ag an bheirt acu. Ar ball, breathnóidh Jo ar a cuid ríomhphost, ag súil go mbeidh roinnt orduithe tagtha isteach le haghaidh píosaí seodóireachta. Nó rachaidh sí amach sa gháirdín, féachaint cén damáiste a rinne a naimhde, na seilidí is na slugaí is na cuileanna glasa, fad a bhí sí ar shiúil.

Is dócha go mbeidh scéala Éamainn cloiste aici faoin am seo. Beidh sceitimíní uirthi agus beidh sí ag iarraidh teacht ormsa chun an dea-scéal a thabhairt dom. Cá bhfios ach go bhfuil an fón póca ag scairteadh leis cheana fein istigh san árasán folamh saoire. Ní

bheidh inní uirthi nuair nach bhfaighidh sí freagra. Tá a fhios aici go dtéimse ag snámh sa tráthnóna.

An oiread sin uisce thart orm. Ba bhreá liom, ar feadh bomaite nó dhó, mo lámh a leagan ar rud éigin daingean - ar ghéag crainn abair, nó ar ghualainn duine. Ar a laghad tá an phian i mo chos maolaithe anois. Braitheann an sáile beagáinín níos teo. Sílim go bhfuilim ag druidim leis an oileán.

Creathadh mór i mo chosa agus mé ag dul suas ar na carraigeacha. Ó, is deas suí síos ar mo thóin, caithfidh mé a admháil, fiú más ar charraig chrua féin é. Ar ndóigh, beidh sé uilig le déanamh agam arís ar ais i gceann tamaillín. Ach b'fhéarr liom gan a bheith ag machnamh ar an méid sin anois díreach.

Tá tuilleadh soilse ar lasadh anois sa bhaile beag i dtír, iad ag caochadh súl orm, do mo thréaslú. B'fhéarr gan fanacht rófhada anseo. Tá cumhacht na gréine ag dul i léig go gasta anois, i ndiaidh an taispeántais mhóir sin ar ball beag.

Bhí Jo ag iarraidh pictiúr Éamainn a chrochadh ar an bhalla sa seomra suí. Ach ba mhaith liom féin é a choinneáil sa seomra staidéir agam féin. Os cionn mo dheisce atá sé ó shin. Dúirt mé le Jo go bhfaighinn píosa eile le haghaidh an tseomra suí. Ach ní móide go bhfaighidh anois – beidh na praghsanna chomh hard leis na réaltaí i ndiaidh dó an duais sin a fháil.

Saothar teibí an pictiúr, ach fós bíonn rudaí le haithint air. Aghaidh mhná. Crann. Fia. Go réidh a thagann siad go barr, líonann do shúil, agus scaipeann arís. Sin an draíocht a bhaineann leis. Tá go leor gile ann, ach tá cuislí dorcha ag gabháil tríd fosta, a chuirfeadh i gcuimhne duit an dorchadas a shnámhann trí mharmar.

Táim chomh mór sin i gcleachtadh air, mar phictiúr, gur féidir liom mo shúile a dhúnadh agus é a fheiceáil go soiléir i m'aigne, rud a dhéanaim anois. Chítear dom go bhfuil rudaí breise ann anocht, rudaí nár thug mé faoi deara cheana. Spéir agus scamail. Clapsholas an tsamhraidh. Smearadh dubh diamhrach ar ghormghlas na mara. Scáth beag duine ag druidim leis, ag triall go díograiseach air.